www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte (Modúlach)

## Fórsaí agus Fuinneamh
## Triail Deireadh Modúil
## Bonnsraith

**C**

**[GDC01]**

GDC01

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **dá** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 Na gairis seo thíos, athraíonn siad fuinneamh ó chineál amháin ina chineál eile. Comhlánaigh na boscaí lena thaispeáint cad é an **príomh**athrú fuinnimh a tharlaíonn i ngach ceann de na gairis. Tá an chéad cheann déanta.





cadhnra leictreach

athraíonn sé [fuinneamh ceimiceach]

ina [fuinneamh leictreach]

**(a)**



tine leictreach

athraíonn sí [fuinneamh ________]

ina [fuinneamh ________] [2]

**(b)**



micreafón

athraíonn sé [fuinneamh ________]

ina [fuinneamh ________] [2]

**(c)**



i pod

athraíonn sé [fuinneamh leitreach]

ina [fuinneamh ________] [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Le blianta beaga anuas, tá acmhainní fuinnimh inathnuaite, amhail fuinneamh tonn, á bhforbairt ag innealtóirí lena n-úsáid de rogha ar bhreoslaí iontaise.

**(a)** **(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma **inathnuaite**?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh dhá acmhainn fuinnimh inathnuaite **eile**.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

I gcuid mhór de na stáisiúin chumhachta sa Ríocht Aontaithe, is iad breoslaí iontaise, amhail ola, atá in úsáid.

**(b)** Ainmnigh dhá bhreosla iontaise **eile**.

1. _______________________________________________


2. _______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**3** 6 shoicind a ghlacann traein dar fad 90 m le teacht amach as tollán ina hiomláine.




Ríomh meánluas na traenach.


**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Meánluas = ______________________ m/s [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tá carr ag gluaiseacht chun tosaigh feadh líne dírí faoi **luas tairiseach**.




**(a)** **(i)** Luaigh rud **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an fhórsa ar gcúl.

_______________________________________________ [1]

Is é 5000 N an fórsa chun tosaigh mar gheall ar an inneall.

**(ii)** Ticeáil (✓) an ráiteas ceart.

Tá an fórsa ar gcúl níos lú ná 5000 N. ☐

Tá an fórsa ar gcúl cothrom le 5000 N. ☐

Tá an fórsa ar gcúl níos mó ná 5000 N. ☐ [1]

**(b)** An fórsa chun tosaigh mar gheall ar an inneall, méadaítear go 7000 N é.

Abair nach n-athraíonn an fórsa ar gcúl. Cad é a tharlóidh do luas an chairr ansin?

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Is féidir spraeire ardbhrú uisce a úsáid leis na cosáin i ngairdín a ghlanadh. Mínscaird uisce dar fórsa 300 N a bhíonn á cur ar fáil ag an spraeire ar achar $0.02\,m^2$.



*© iStockphoto / Thinkstock*

Ríomh an brú a bhíonn á fheidhmiú ag an spraeire ar an chosán. Cuimhnigh an t-aonad a lua.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**


Brú = ______________________ [4]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

**6** Is é atá sa léaráid ná amharc anuas ar liathróid atá á luascadh i gciorcal cothrománach. Caithfidh fórsa láraimsitheach a bheith ag feidhmiú ar an liathróid le go dtarlóidh sé seo.




**(a)** **(i)** An fórsa láraimsitheach a choinníonn an liathróid ag gluaiseacht i gciorcal, tarraing saighead ar an léaráid lena thaispeáint cén treo a bhfuil sé sin ag gluaiseacht. [1]

**(ii)** Cad é is cúis leis an fhórsa láraimsitheach seo?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Is é 1.2 kg mais na liathróide agus tá treoluas 8.0 m/s fúithi.
Ríomh móiminteam na liathróide.


**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Móiminteam = ____________________ kg m/s [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Sa gheimhreadh, déanann na héin na cleití acu a chorraí chun iad féin a choinneáil te mar a thaispeántar sa léaráid thíos.




**(a)** Mínigh ina iomláine cad é mar a fhanann éan te trína chleití a chorraí.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Cuireann dalta 3 spúnóg, ceann plaistigh, ceann adhmaid agus ceann miotail, in eascra a bhfuil uisce ar fiuchadh ann.




**(b) (i)** Leagann an dalta méar ar gach ceann de na spúnóga. Cén spúnóg is teo?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh do fhreagra.


______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Bhain múinteoir an t-aer iomlán amach as seoimrín agus scaoil sé 3 réad isteach ann ansin. Scaoil sé na réada ag an mheandar chéanna agus ón airde chéanna.




**(i)** Cén ceann **amháin** de na ráitis seo a leanas a chuireann síos ar ar tharla?

A Is é an cleite a bhuail an tóin ar dtús.
B Níor bhog siad.
C Bhuail siad uilig an tóin ag an mheandar cheánna.
D Is é an mirlín a bhuail an tóin ar dtús.
E Is é an bonn a bhuail an tóin ar dtús.

Litir __________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth le do rogha.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]


**(iii)** Abair gur chuir an múinteoir aer isteach sa seoimrín arís. Cén réad a bhuailfeadh an tóin ar deireadh ansin?

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Nuair a chaithfear roth nua a chur ar charr, bíonn seac cairr in úsáid leis an charr a ardú.
Is é 1200J an obair úsáideach a dhéantar leis an charr a ardú.



**(a)** Agus an seac cairr á úsáid aige, úsáideann an meicneoir 3000 J d'fhuinneamh leis an charr a ardú.
Ríomh éifeachtúlacht an tseaic chairr.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**


Éifeachtúlacht = ____________________ [3]

**(b)** Cén codán den fhuinneamh ionchuir a chuirtear amú?

____________________ [1]

www.xtrapapers.com

**10** Anseo thíos tá an graf faid ar am le haghaidh beirt reathaithe, Cáit agus Siobhán.




**(a)** Cá fhad atá Cáit agus Siobhán ar shiúl óna chéile i ndiaidh 8 soicind?

______________________________ [1]

**(b)** Úsáid an graf le luas Cháit a ríomh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**


Luas = ____________________ m/s [3]

Scrúdaitheoir Amháin


| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |
| | |

www.xtrapapers.com

**11** Bhí lingeán dar fad L á úsáid ag Roibeard le turgnamh Dhlí Hooke a dhéanamh.




Bhreac sé na torthaí ar ghraf mar a thaispeántar anseo thíos.




Úsáid an graf leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(a)** **(i)** Cad é fad neamhshínte, L, an lingeáin?

L = ______________________ mm [1]

**(ii)** Thiocfadh le Roibeard graf níos fóirsteanaí a bhreacadh le Dlí Hooke a thástáil. Cad é ba chóir dó a bhreacadh ar an ais cheartingearach?

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


**(b)** Chuir Roibeard ualach anaithnid ar an lingeán agus bhí síneadh 10 mm ann. Úsáid an graf leis an ualach anaithnid seo a ríomh.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Ualach = ______________________ N [2]

www.xtrapapers.com

**12** Bhí ardaitheoir garáiste in úsáid le carr dar mais 2500 kg a ardú 1.5 m ón talamh.




**(a)** Ríomh an obair a bhí déanta ag an ardaitheoir garáiste.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Obair a rinneadh = .............................. J [3]

**(b)** D'úsáid an t-ardaitheoir garáiste 42 000 J fuinnimh le carr eile a ardú in 30 soicind. Ríomh an chumhacht a bhí á forbairt ag an ardaitheoir garáiste.

**Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.**

Cumhacht = .............................. W [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.